# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Tríd is tríd, más ann d’amhras faoi bhailíocht aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí srl. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile srl.
- Chun críche marcála, is éard is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon bhlúire eolais fhíorasaigh amháin a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarrthóir, ar bhealach a bhfuil freagra iomlán mar thoradh air atá comhleanúnach tríd is tríd.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

Nuair a úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| ✓1 | Faisnéis bhailí | 1 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí | 2 |
| ✓3 | Faisnéis bhailí | 3 |
| ✓4 | Faisnéis bhailí | 4 |
| ✓5 | Faisnéis bhailí | 5 |
| ✓6 | Faisnéis bhailí | 6 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| 0 | Freagra mícheart | 0 |
| ▪—▪ | Cuid shuntasach de fhreagra | N/B |
| ⌇ | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |
| Ex / N / REF | Sampla bailí / ainm / tagairt | 3 |
| P1 / P2 / P3 | Baineann nótaí mínithe le pointe 1 / pointe 2 / pointe 3 | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 3 |

The table below contains information about annotations used for marking the Geographical Investigation.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe **(más iomchuí)** |
|---|---|---|
| Iss / Rec / OS | Ceist bhailí / sampla de thaifeadadh/ breathnóireacht | 2 |

# Fiosrú sa Tíreolaíocht- Croí-Aonad 3

*(Féach Aguisín 1 le haghaidh Liosta na dTopaicí)*

1. Réamhrá

    4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
    Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc Líon iomlán na marcanna 5

2. Pleanáil

    4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
    Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc Líon iomlán na marcanna 5

3. Bailiú Sonraí

    Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
    Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2 mharc an ceann 36m
    I gcás gach Modha/Taisc, ceadaigh aon PSÁ amháin má tharraingítear léaráid faoi.

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 2 mharc grádaithe (2/1/0)<br>Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos 2m | 4m |

Líon iomlán na Marcanna 40

4. Torthaí, Tátail, Meastóireacht

    Trí cheannteideal @ 8 mharc each
    Gach ceannteideal: 4 PSÁ @ 2 mharc an ceann 24m

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – 4 mharc grádaithe (4/2/0)<br>Comhréireacht leis an bhfad a leagadh síos 2m | 6m |

Líon iomlán na Marcanna 30

5. Eagrú agus Cur i Láthair na dTorthaí

    Dhá mhodh éagsúla don chur i láthair.
    Gach cur i láthair: 5 PSÁ @ 2 mharc an ceann

Líon iomlán na marcanna 20

# Briseadh síos ar na Marcanna don Chur i Láthair

***Píchairt / Treoghraf / Barrachairt / Scaipghraf srl.***

| | |
|---|---|
| Lipéad / ciorcal curtha ar ais X | 2m |
| Lipéad curtha ar ais Y / í curtha sa lár | 2m |
| Na sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Na sonraí curtha i láthair i gceart | 2m |
| Imprisean iomlán | 2 mharc grádaithe (2/1/0) |

***Léaráid / Sceitse / Léarscáil***

| | |
|---|---|
| 1 bhlúire amháin eolais agus nótaí curtha leis | Léirithe 2 mharc + Ainmnithe 2 mharc |
| 1 bhlúire amháin eolais agus nótaí curtha leis | Léirithe 2 mharc + Ainmnithe 2 mharc |
| Imprisean iomlán | 2 mharc grádaithe (2/1/0) |

***Tábla***

| | |
|---|---|
| Teideal | 2m |
| Aiseanna lipéadaithe | 2m |
| Colúin lipéadaithe | 2m |
| Tagartha | 2m |
| Imprisean iomlán | 2 mharc grádaithe (2/1/0) |

| **CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC**<br>AON **DEICH** gCEIST @ 10 MARC AN CEANN<br>Déan **gach** ceist a ndearnadh iarracht uirthi a mharcáil agus bronn marcanna ar na deich gceist leis na marcanna is airde. | | | |
|---|---|---|---|
| C.1 (i) | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| | D | 2m | |
| | C | 2m | |
| (ii) | Eoráiseach | 2m | Iomlán 10m |
| C.2 (i) | **(C)** C.2 (ii) Bruthcharraig | 2m | |
| | A Carraig dhríodair | 2m+ 2m | |
| | D (**Bruthcharraig)** | 2m | |
| | **(B)** Carraig Mheiteamorfach | 2m | Iomlán 10m |
| C.3 (i) | D | 2m | |
| | C | 2m | |
| | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| (ii) | Suanach | 2m | Iomlán 10m |
| C.4 | C | 2m | |
| | E | 2m | |
| | A | 2m | |
| | B | 2m | |
| | D | 2m | Iomlán 10m |
| C.5 | C | 2m | |
| | A | 2m | |
| | E | 2m | |
| | D | 2m | |
| | B | 2m | Iomlán 10m |
| C.6 (i) | Cúrsa Gailf 18 bpoll | 2m | |
| | Tobar beannaithe | 2m | |
| | Stáisiún na nGardaí | 2m | |
| (ii) | Bóthar Príomha Náisiúnta | 2m | |
| (iii) | Siombail atá tarraingthe i gceart | 2m | Iomlán 10m |

| | | | |
|---|---|---|---|
| C.7 (i) | 4.2km | 5m | |
| (ii) | 320m | 5m | Iomlán 10m |
| C.8 (i) | Chun Tosaigh ar Dheis | 2m | |
| | I Lár Báire | 2m | |
| | I Lár Báire ar Dheis | 2m | |
| | Sa chúlra ar chlé | 2m | |
| (ii) | Fiar | 2m | Iomlán 10m |
| C.9 (i) | 11.9 (°C) | 2m | |
| (ii) | 17.7 (°C) | 2m | |
| (iii) | Bealtaine | 2m | |
| (iv) | 5 | 2m | |
| (v) | 233 (mm) | 2m | Iomlán 10m |
| Q.10 (i) | C | 2m | |
| | D | 2m | |
| | B | 2m | |
| | A | 2m | |
| (ii) | Fíor | 2m | Iomlán 10m |
| C.11 (i) | 21(%) | 2m | |
| (ii) | 80 agus os a chionn | 2m | |
| (iii) | 20-64 | 2m | |
| (iv) | 2040 | 2m | |
| (v) | 0-19 **NÓ** 65-79 | 2m | Iomlán 10m |
| C.12 (i) | Lagbhrú nó Lagrach | 2m | |
| (ii) | Ciúin agus tirim | 2m | |
| (iii) | 1008 (mb) | 2m | |
| (iv) | Siombail atá tarraingthe i gceart | 2m | |
| (v) | Iseabair | 2m | Iomlán 10m |

In 2023 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireactha. Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar gnáthleibhéil:

> Ní mór duit tabhairt faoi **thrí** cheist. Ní mór ceist amháin as dhá cheann de na ranna thíos a fhreagairt:
>
> - Roinn 1: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1-3)
> - Roinn 2: Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4-6)
> - Roinn 3: Toghaonaid (Ceist 7-12)

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad. **Mura** bhfuil na trí cheist ar fad ón Roinn chéanna, is é sin an marc iomlán ceart le haghaidh Roinn a Dó ansin, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú. Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.
Má tá na trí cheist ar fad lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn. Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír 'Coigeartú', ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | **Marcanna (más iomchuí)** |
|---|---|---|
| A | Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán | N/B |
| 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndealú ón iomlán | 0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10 |

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an tríú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann.
Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

**ROINN 1**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- An cuaille triantánachta ar Shliabh gCleath (*Slieve Glah*)
- An limistéar ar fad atá faoi fhoraois bhuaircíneach ag H 46 07
- Loch Lios na nEanach (*Lisnananagh Lough*)
- Cúrsa Abhainn Shraith an Domhain (*Stradone River*) ó Loch Lios na nEanach (*Lisnananagh Lough*) go H 510 068
- Loch Sualainne (Sweelan Lough).

**Imlíne na Sracléarscáile:**

| | |
|---|---|
| **Limits/Frame** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |

**Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, bronn 50% de na marcanna le fáil le haghaidh míreanna a léiriú agus a lipéadú agus 0m as 5m le haghaidh teorainneacha, comhréir agus imprisean foriomlán.**

**Iomlán 30m**

**1B. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de charraigeacha dríodair.

**Dhá charraig dhríodair ainmnithe @ 3 mharc an ceann 6m**

(ii) Luaigh **dhá** shuíomh dhifriúla in Éirinn ina bhfuil carraigeacha dríodair le fáil.

**Suíomh 1 4m**
**Suíomh 2 3m**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a bhfoirmítear carraigeacha dríodair.

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**PSÁ amháin ar a laghad as míniú**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**

**Is féidir PSÁ a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**1C. Fillsléibhte**

Le cuidiú léaráide/léaráidí, tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a bhfoirmítear fillsléibhte.

**Léaráid agus dhá mhír uirthi @ 3 mharc an ceann 6m**

**Cur síos/míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann 24m**

**Bronn aon PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe d'fhillsléibhte a thabhairt PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh mínithe.**


**Is féidir PSÁ a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**


**Iomlán 30 marc**

## Ceist 2

### 2A. Tírghnéithe agus Próisis




Curtha in oiriúint ó www.bbc.co.uk

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C** thuas, leis an tírghné is fearr a mheaitseálann í as an liosta thíos:

- **C** Stua mara **3m**
- **A** U-ghleann **3m**
- **B** Lúb **3m**

(ii) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C**, leis an bpróiseas as an liosta thíos is mó a luaitear le foirmiú na tírghné san fhótagraf:

- **A** Creimeadh oighreach **3m**
- **C** Creimeadh cósta **3m**
- **B** Creimeadh abhann agus sil-leagan. **3m**

(iii) Mínigh go hachomair **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Síobadh Feadh Cladaigh
- Sracadh.

**Míniú achomair 1 = 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Míniú achomair 2 = 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

**Iomlán 30 marc**

**2B. Síonchaitheamh**

(i) Ainmnigh **dhá** thoisc ar bith a mbíonn tionchar acu ar an síonchaitheamh.

**Dhá thoisc bhailí ainmnithe @ 2 mharc an ceann 4m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith de na cineálacha síonchaithimh seo a leanas:

- Síonchaitheamh oinniúnach
- Carbónáitiú
- Gníomhaíocht reo is coscartha.

**Cineál síonchaithimh 1 mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**
**Cineál síonchaithimh 2 mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**

**Ceadaigh PSÁ amháin as sampla/suíomh ainmnithe**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Iomlán 40m**

**2C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Tabhair cur síos agus míniú ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an duine le timthriall na gcarraigeacha agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhínithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 3

### 3A. Creathanna Talún

**Crith Talún san Afganastáin, 2022**



Tharla crith talún de mhéid 6.1 go luath ar an gCéadaoin gar do theorainn na Pacastáine, thart ar 160 km (100 míle) soir ó dheas ó Chabúl, an Afganastáin.

Bhí méid 4.3 san iarchrith a mothaíodh ar an Aoine san áit chéanna beagnach. Tá sé deimhnithe gur maraíodh 1,036 duine san iomlán. Gortaíodh thart ar 2,000 duine agus scriosadh 10,000 teach go páirteach nó go hiomlán. Bhí eipealár an chreatha talún i réigiún ina bhfuil sléibhte tura a bhí breac le lonnaíochta beaga. Chuir droch-chumarsáid agus bóithre an-bhunúsach as d'iarrachtaí fóirithinte i dtír atá ag coimhlint le géarchéim dhaonnúil. Tá codanna móra den Áise Theas gníomhach go seismeach toisc go bhfuil pláta teicteonach ar a dtugtar an pláta Indiach ag brú ó thuaidh isteach sa phláta Eoráiseach.

Curtha in oiriúint ó www.irishtimes.com

Scrúdaigh an t-alt thuas ina gcuirtear síos ar chrith talún san Afganastáin in 2022 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén mhéid a bhí sa chrith talún san Afganastáin?

**6.1** **3m**

(ii) Ainmnigh an **dá** phláta theicteonacha a luaitear san alt.

**Pláta na hIndia agus Pláta na hEoráise** **3m+3m**

(iii) Liostaigh **trí** thoradh a bhíonn ar chreathanna talún a ndéantar tagairt dóibh san alt thuas.

**Maraíodh daoine** **3m**
**Gortaíodh daoine** **3m**
**Scriosadh tithe** **3m**

(iv) Mínigh go hachomair an téarma *eipealár*.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(v) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a bhféadfaí an damáiste a dhéanann creathanna talún a theorannú.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**3B.** **Forbairt Tírghnéithe**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Mínigh, le cuidiú léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**Foirmiú dhá thírghné ar bith @ 20 marc an ceann.**
**Le haghaidh gach tírghné**

| | |
|---|---|
| **Tírghné ainmnithe** | **1m** |
| **Léaráid(í) dhá ghné @ 2 mharc an ceann** | **4m** |
| **Tugadh míniú ar fhoirmiú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15m** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**Aon dhá phróiseas @ 20 marc an ceann**

**Do gach próiseas:**

| | |
|---|---|
| **Próiseas luaite** | **2m** |
| **Cur síos / Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**
**Ceadaigh sampla ainmnithe le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an eolas atá sa téacs, a thugtar sna léaráidí.**

**Iomlán 40m**

**3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla**

Scrúdaigh an dóigh a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla seo a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

| | |
|---|---|
| **Idirghníomhaíocht aitheanta** | **3m** |
| **Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27m** |

**Má aithnítear an dara tionchar, ceadaigh é le haghaidh PSÁ amháin.**
**Caithfear míniú a thabhairt ar gach idirghníomhaíocht eile le haghaidh PSÁnna.**
**Ceadaigh PSÁ amháin le haghaidh sampla ainmnithe.**
**Ceadaigh PSÁ amháin as léaráid anótáilte ábhartha.**
**Is féidir PSÁnna a bhronnadh ar eolas ábhartha, sa bhreis ar an téacs, a thugtar sna léaráidí.**
**Is féidir glacadh le léirmhínithe dearfacha agus diúltacha.**

**Iomlán 30 marc**

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

**4A. Réigiún Eorpach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas uirthi:

- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- **Dhá** bhaile mhóra nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún seo.
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** sa réigiún seo (talamh ard nó íseal).

| | | |
|---|---|---|
| **Imlíne an Réigiúin** | **6m grádaithe (6/4/2/0)** | |
| **Abhainn:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 1:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2:** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Rilíf (talamh ard/talamh íseal):** | **Ainmnithe** | **2m** |
| | **Léirithe** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

**Iomlán 30 marc**

**4B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún in Éirinn**

Mínigh forbairt **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na fáthanna a dtarraingítear **turasóirí** go dtí an réigiún.
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Forbairt an **iompair** sa réigiún.

| | |
|---|---|
| **Réigiún ainmnithe** | **1m** |
| **Gníomhaíocht a haon mínithe 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21m** |
| **Gníomhaíocht a dó mínithe 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18m** |
| | **Iomlán 40m** |

**4C. Réigiúin agus Cultúr**

Is minic a mhúnlaíonn na tosca seo a leanas an cultúr i réigiún:

| | | |
|---|---|---|
| Reiligiún | Teanga | Polaitíocht |
| Ceol/Damhsa | Spórt/Cluichí | |

Tabhair cur síos agus míniú ar thábhacht an chultúir i réigiún **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Má ainmnítear réigiún cultúrtha, ceadaigh aon PSÁ amháin**
**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh mínithe.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 5

### 5A. Iascaireacht in Éirinn




Scrúdaigh an ghrafaic eolais thuas ina dtaispeántar eolas faoi gheilleagar bhia mara na hÉireann in 2021 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad duine a bhí fostaithe in earnáil iascaireachta na hÉireann in 2021?

**16,647** **3m**

(ii) Cén luach (ina mhilliúin €) a bhí ar an mbia mara a iompórtáladh go hÉirinn in 2021?

**281 (€milliún)** **3m**

(iii) Ríomh luach iomlán na n-easpórtálacha (ina mhilliúin €) de bhia mara chuig an AE, an Áise agus an Ríocht Aontaithe.

**556 (€milliún)** **6m**

(iv) Ainmnigh an **dá** speiceas éisc ba mhó díol in Éirinn in 2021.

**Trosc agus bradán** **3m+3m**

(v) Ainmnigh **dhá** chalafort iascaireachta in Éirinn.

**Dhá chalafort iascaireachta bailí ainmnithe** **3m+3m**

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann geilleagar na hÉireann as an iascaireacht.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30m**

## 5B. Turasóireacht i Réigiún Eorpach

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh **dhá** rud a tharraingíonn turasóirí isteach sa réigiún seo.

**Dhá rud bhailí a tharraingíonn turasóirí isteach ainmnithe** **2m+2m**

(ii) Mínigh na bealaí dearfacha a dtéann an turasóireacht i bhfeidhm ar an réigiún sin.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**
**Má ainmnítear réigiún, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

(iii) Mínigh na bealaí diúltacha a dtéann an turasóireacht i bhfeidhm ar an réigiún sin.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

**Iomlán 40m**

## 5C. Fás Uirbeach – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Tabhair cur síos agus míniú ar na fáthanna atá le fás limistéir uirbigh i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.


**Cur síos/míniú 10 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**
**Má ainmnítear ceantar uirbeach, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 6

### 6A. Ionchas Saoil san Aontas Eorpach




Curtha in oiriúint ó www.ec.europa.eu

Scrúdaigh an chairt thuas ina dtaispeántar eolas faoin ionchas saoil i dtíortha roghnaithe san Aontas Eorpach (AE) in 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén tír ina raibh ionchas saoil 83.5 bliain ag baineannaigh in 2020?

**An Ghearmáin** **3m**

(ii) Cén tír ina raibh an t-ionchas saoil ab airde ag fireannaigh in 2020?

**Éire** **3m**

(iii) Ainmnigh **dhá** thír ina bhfuil ionchas saoil na mbaineannach faoi mheán an AE do bhaineannaigh.

**An Pholainn agus an Bhulgáir** **3m+3m**

(iv) Ríomh an difríocht in ionchas saoil na bhfireannach, ina bhlianta, idir an Bhulgáir agus meán an AE.

**7.5 (bliana)** **6m**

(v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a mbíonn ionchas saoil níos airde ag roinnt tíortha ná mar a bhíonn ag tíortha eile.

**Cúis 1 - Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Cúis 2 - Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus tú ag tagairt do réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** a chuireann le geilleagar an réigiúin sin.
**Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil bhailí 4m**

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún sin maidir le forbairt na gníomhaíochta geilleagraí príomhúla a ainmníodh i gcuid (i) thuas.
**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**
**Má ainmnítear réigiún, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil sin sa réigiún sin.
**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann 9m**

**Iomlán 40m**

**6C. Forbairt Réigiúnach**

Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** fhadhb atá roimh réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Fadhb 1:**
**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15m**

**Fadhb 2**
**Cur síos/míniú 5 PSÁ @ 3 mharc an ceann 15m**

**Aon PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh gach míniú a thugtar ar fhadhb.**
**Má ainmnítear réigiún, ceadaigh aon PSÁ amháin.**

**Iomlán 30 marc**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Chabhán a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch
- Séipéal
- Limistéar de gharbhlach sa tulra láir.
- Carrchlós
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile.

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/fráma** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:** | |
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, ceadaigh 50% de na marcanna le fáil as na gnéithe ach 0 marc as an 5 cinn atá le fáil as sracléarscáil.**

**Iomlán 30 marc**

**7B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Truailliú an Chomhshaoil**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú an chomhshaoil mar thoradh ar ghníomhaíocht gheilleagrach.

**Sampla bailí ainmnithe** **4m**

(ii) Mínigh na cúiseanna **agus** na héifeachtaí thruailliú sin ar an chomhshaoil.

**Cúis aitheanta aon PSÁ @ 3 mharc an ceann** **3m**

**Éifeacht aitheanta aon PSÁ @ 3 mharc an ceann** **3m**

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Déan cur síos ar an dóigh a bhféadfaí truailliú sin an chomhshaoil a laghdú.

**Míniú 4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12m**

**Iomlán 40m**

**7C. Coilíneachas**

(i) Ainmnigh geilleagar **amháin** atá i mbéal forbartha a ndearnadh coilíniú air.

**Tír choilínithe bhailí** **3m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na bealaí a bhfuil tionchar ag an gcoilíneachais ar an ngeilleagar seo atá i mbéal forbartha.

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 8

### 8A. Forbairt Gheilleagrach

Ionchas Scolaíochta (ina Bhlianta) i dTíortha Roghnaithe, 2019

| Tír | Ionchas Scolaíochta (Blianta) |
|---|---|
| Éire | 19 |
| An Bhrasaíl | 15 |
| Mailí | 8 |
| An Araib Shádach | 16 |
| An tSeapáin | 15 |

Curtha in oiriúint ó www.hdr.unp.org

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an t-ionchas scolaíochta, ina bhlianta, i dtíortha roghnaithe in 2019 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**Grafpháipéar 3 mharc**
**Lipéad / ciorcal curtha ar ais cheartingearach** **3m grádaithe (3/1/0)**
**Lipéad curtha ar ais chothrománach / í Curtha sa Lár** **3m grádaithe (3/1/0)**
**5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** **15m**
**Fo-Iomlán 24m**

(ii) Mínigh go hachomair bealach **amháin** a dtéann lucht saothair a bhfuil oideachas orthu chun tairbhe do gheilleagar tíre.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**8B. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Cuir i gcás gur tugadh mar thasc duit suíomh oiriúnach a aimsiú do mhonarcha nua taobh istigh den limistéar atá ar an léarscáil.

(i) Luaigh cá lonnófá an mhonarcha, agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

**Tagairt eangaí sé fhigiúr** **4m grádaithe (4/2/0)**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar roghnaigh tú an suíomh sin.

**Cúiseanna míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

(iii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an monarcha a lonnú sa suíomh sin.

**Cur síos déanta ar aon bhuntáiste amháin 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**8C. Éire agus an tAontas Eorpach**

Mínigh an dóigh a ndeachaigh ballraíocht san Aontas Eorpach i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

**Tionchar Aitheanta 1 PSÁ** **3m**
**Míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**Má aithnítear an dara tionchar, ceadaigh aon PSÁ amháin.**
**Má ainmnítear beartas (nó réimse beartas), ceadaigh aon PSÁ amháin.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 9

### 9A. Fuinneamh In-athnuaite

**An Chéad Fheirm Ghréine ar Mhórscála in Éirinn Oscailte i gCill Mhantáin**



Osclaíodh an chéad fheirm ghréine ar mhórscála, a sholáthróidh leictreachas d'eangach na hÉireann, gar d'Áth na Fuinseoige i gContae Chill Mhantáin agus tá sí ag feidhmiú anois.
Tá 33,600 modúl gréine ar fheirm ghréine Millvale a chlúdaíonn 25 heicteár talún. Is leor sin chun thart ar 3,600 teach a chumhachtú gach bliain.
Meastar go gcoiscfidh an leictreachas a ghinfear ar an bhfeirm seo 4,800 tonna d'astaíochtaí gás ceaptha teasa gach bliain.
Dúirt Eamon Ryan, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide:
"Tacóidh sí le fás an gheilleagair ghlais, cruthóidh sí deiseanna oibre inbhuanaithe agus rachaidh sí chun tairbhe do shaoránaigh, de réir mar a éireoidh an fuinneamh in-athnuaite níos éifeachtúla ó thaobh costais de agus de réir mar a thiocfaidh sé in ionad na mbreoslaí iontaise."

Curtha in oiriúint ó www.rte.ie/news

Scrúdaigh an t-alt thuas ina dtagraítear d'oscailt feirm ghréine agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén contae ina bhfuil an fheirm ghréine suite?

**Cill Mhantáin** **3m**

(ii) Cén t-achar talún (ina heicteáir) atá i bhfeirm ghréine Millvale?

**25 (heicteár)** **3m**

(iii) Cé mhéad tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar a choiscfidh an fheirm ghréine seo ó bheith á scaoileadh isteach san atmaisféar gach bliain?

**4,800 (tonna)** **3m**

(iv) Ainmnigh **dhá** thairbhe atá le baint as an bhfeirm ghréine seo agus ar luaigh Eamon Ryan san alt iad.

**Dhá thairbhe bhailí ainmnithe** **3m+3m**

(v) Ainmnigh sampla **amháin** eile d'fhuinneamh in-athnuaite, seachas cumhacht na gréine.

**Sampla bailí amháin ainmnithe** **3m**

(vi) Mínigh go hachomair céard is brí leis an téarma *breoslaí iontaise.*

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vii) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhfuinneamh in athnuaite.

**Míniú achomair dhá PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**9B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** atá lonnaithe in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** ainmnigh táirge **amháin** a dhéanann sí.

**Cuideachta Ilnáisiúnta (MNC) ainmnithe** **4m**

**Táirge bailí ainmnithe** **3m**

(ii) Luaigh an áit in Éirinn ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe **agus** mínigh cén fáth ar lonnaigh sí san áit seo.

**Suíomh ainmnithe** **3m**

**Míniú 7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **21m**

(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh an chuideachta ilnáisiúnta seo cinneadh a dhéanamh lonnú i dtír eile.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 40m**

**9C. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhorbairt ceann **amháin** díobh seo a leanas, agus bíodh tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Turasóireacht
- Seirbhísí airgeadais
- Tionscail seirbhísí agus tionscail gan chuing.

**Geilleagar forbartha ainmnithe** **3m**

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27m**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Iomlán 30 marc**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Céist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf den Chabhán a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Loch
- Séipéal
- Cúirteanna leadóige
- Timpeallán
- Foirgnimh thionsclaíochta sa chúlra ar chlé

| | |
|---|---|
| **Imlíne na Sracléarscáile:** | |
| **Teorainneacha/fráma** | **1m** |
| **Toisí (tírdhreach)** | **2m** |
| **Imprisean iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **Fo-Iomlán 5m** |
| **Cúig mhír léirithe agus lipéadaithe mar seo a leanas:** | |
| **Á léiriú** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéadaithe** | **2m** |
| | **Fo-Iomlán 25m** |

**Más follasach gur rianaíodh é, ceadaigh 50% de na marcanna le fáil as na gnéithe ach 0 marc as an 5 cinn atá le fáil as sracléarscáil.**

**Iomlán 30 marc**

**10B. Imirce – Éire**

Tarlaíonn imirce mar thoradh ar thosca brú agus ar thosca tarraingthe.

(i) Ainmnigh toisc bhrú **amháin agus** toisc tharraingthe **amháin** atá ag baint leis an imirce.

**Toisc bhrú ainmnithe 2m**

**Toisc tharraingthe ainmnithe 2m**

(ii) Déan plé ar na bealaí dearfacha a dtéann an imirce i bhfeidhm ar Éirinn.

**Plé 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**

(iii) Déan plé ar na bealaí diúltacha a dtéann an imirce i bhfeidhm ar Éirinn.

**Plé 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann 18m**

**Iomlán 40m**

**10C. Plódú Tráchta**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de limistéar uirbeach ina mbíonn fadhb le plódú tráchta.

**Sampla ainmnithe 3 mharc**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh i limistéir uirbeacha chun fadhb an phlódaithe tráchta a réiteach.

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**

**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 11

### 11A. Dinimic Daonra

Méadú ar an Daonra (%) i
gContaetha Roghnaithe in Éirinn,
2016-2022

| Contae | Daonra an Daonra (%) |
|---|---|
| Cill Chainnigh | 5 |
| Baile Átha Cliath | 8 |
| Cill Dara | 11 |
| An Mhí | 13 |
| Longfort | 14 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an méadú ar an daonra (%) i gcontaetha roghnaithe in Éirinn, 2016-2022, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**Grafpháipéar 3 mharc**

| | |
|---|---|
| **Lipéad / ciorcal curtha ar ais cheartingearach** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **Lipéad curtha ar ais chothrománach / í Curtha sa Lár** | **3m grádaithe (3/1/0)** |
| **5 mhír @ 3 mharc an ceann grádaithe (3/1/0)** | **15m** |
| | **Fo-Iomlán 24m** |

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair dúshlán **amháin** a bhaineann le méadú ar an daonra.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**11B. Gréasáin Lonnaíochta Tuaithe**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

(i) Ainmnigh **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe dhifriúla atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis **agus** tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do shuíomh ina bhfuil sampla de gach ceann díobh.

| | |
|---|---|
| **Pátrún 1 ainmnithe:** | **4m** |
| **Pátrún 2 ainmnithe:** | **3m** |
| **Pátrún 3 ainmnithe:** | **3m** |
| **Tagairt Eangaí 1:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Tagairt Eangaí 2:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |
| **Tagairt Eangaí 3:** | **4m grádaithe (4/2/0)** |

(ii) Mínigh gach ceann de na **trí** ghréasán lonnaíochta tuaithe a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Míniú ar gach pátrún:**

| | |
|---|---|
| **Patrún 1: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |
| **Patrún 2: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |
| **Patrún 3: 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **6m** |

**Iomlán 40m**

**11C. Sraoilleáil uirbeach**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** inar tharla sraoilleáil uirbeach.

**Cathair ainmnithe** **3m**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar tharla sraoilleáil uirbeach sa chathair sin.

**Míniú 6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18m**

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar an tsraoilleáil uirbeach.

**Míniú 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **9m**

**Iomlán 30 marc**

## Ceist 12

**12A. Patrúin Talamhúsáide ag Athrú**

### Forbairt Chalafort Bhaile Átha Cliath

I mí Feabhra 2022, chuir *Fóram Gnó Cheantar na nDugaí* moladh chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dá dréachtphlean forbartha le haghaidh 2022-2028 ag iarraidh an Calafort a athlonnú taobh amuigh den chathair. D'áitigh siad go bhféadfaí úsáid níos fearr agus níos brabúsaí a bhaint as an 200 heicteár talún atá i seilbh an chalafoirt faoi láthair dá n-úsáidfí le haghaidh tithíochta agus forbairtí gnó é.

Dhiúltaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath láithreach don mholadh, mar dúirt siad go sáródh sé dlí comhshaoil an AE. Ach bheadh sé díchéillí a cheapadh gurb é seo an uair dheireanach a leagfaidh lucht gnó a súile ar an gcalafort le haghaidh na forbartha. Ó tá géarchéim tithíochta ann i gcónaí i mBaile Átha Cliath agus deacracht ann spás oifige a aimsiú, féachtar ar an limistéar thart ar Chalafort Bhaile Átha Cliath mar shuíomh tarraingteach le haghaidh fairsingiú.

Curtha in oiriúint ó
www.rte.ie/news

Scrúdaigh an t-alt thuas faoi Chalafort Bhaile Átha Cliath agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé a chuir isteach an moladh ag iarraidh Calafort Bhaile Átha Cliath a athlonnú?

**Fóram Gnó Cheantar na nDugaí** **3m**

(ii) Cén mhí in 2022 ar cuireadh an moladh isteach?

**Feabhra** **3m**

(iii) Cé mhéad talún (ina heicteáir) atá i seilbh Chalafort Bhaile Átha Cliath faoi láthair?

**200 (heicteár)** **3m**

(iv) Cén fáth ar dhiúltaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don mholadh?

**Sháródh sé dlí comhshaoil an AE** **3m**

(v) Luaigh **dhá** chúis, a luaitear san alt, a mbeidh Calafort Bhaile Átha Cliath ina láithreán tarraingteach le haghaidh fairsingiú i gcónaí.

**An ghéarchéim tithíochta agus cé chomh deacair agus atá sé spás oifige a fháil 3m+3m**

(vi) Mínigh go hachomair céard is brí leis an téarma *athfhorbairt uirbeach*.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

(vii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhforbraíonn bailte móra/cathracha gar do chalafoirt.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6m**

**Iomlán 30 marc**

**12B. Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha atá ag fás go tapa.

**Cathair i mBéal Forbartha ainmnithe 4m**

(ii) Luaigh trí thoisc a mbíonn tionchar acu ar fhás na cathrach sin sa domhan i mbéal forbartha.

**Toisc 1: 3m**

**Toisc 2: 3m**

**Toisc 3: 3m**

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** fhadhb ar bith a bhaineann le fás tapa na cathrach seo atá sa domhan i mbéal forbartha.

**Cur síos/míniú 9 PSÁ @ 3 mharc an ceann 27m**
**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Iomlán 40m**

**12C. Ródhaonra**

(i) Mínigh go hachomair céard is brí leis an téarma *ródhaonra*.

**Míniú achomair 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6m**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar chúiseanna **agus** ar iarmhairtí an ródhaonra agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**Cur síos/míniú 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann 24m**
**PSÁ amháin ar a laghad le haghaidh míniú.**

**Ceadaigh sampla amháin le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh cúis amháin luaite le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh éifeacht amháin luaite le haghaidh PSÁ amháin.**
**Ceadaigh an dara sampla ón míniú.**

**Iomlán 30 marc**

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin Tíreolaíochta in 2023

1. Staidéar ar an imirce agus ar an tionchar atá aige ar an daonra i gceantar tuaithe nó uirbeach.
2. Anailís a dhéanamh ar an gaol idir shreabhadh tráchta agus ghníomhaíocht gheilleagrach sa cheantar áitiúil.
3. Iniúchadh a dhéanamh ar conas mar a théann próisis gheomorfacha i bhfeidhm ar mhúnlú tírghné **amháin** i dtimpeallacht abhann **nó** chósta **nó** oighreach.
4. Staidéar ar thionchar an tsíonchaithimh ar fhorbairt tírdhreacha.
5. Iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna agus na tionchair a bhíonn ag saincheist chomhshaoil sa cheantar áitiúil.
6. Idirghníomhaíocht an duine le próisis gheomorfacha i dtimpeallacht oighreach **nó** chósta **nó** abhann **nó** charstach.

**Appendix 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 – 303 | 29 |
| 304 – 306 | 28 |
| 307 – 310 | 27 |
| 311 – 313 | 26 |
| 314 – 316 | 25 |
| 317 – 320 | 24 |
| 321 – 323 | 23 |
| 324 – 326 | 22 |
| 327 – 330 | 21 |
| 331 – 333 | 20 |
| 334 – 336 | 19 |
| 337 – 340 | 18 |
| 341 – 343 | 17 |
| 344 – 346 | 16 |
| 347 – 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Imscrúdú Tíreolaíoch – Ní chuirtear san áireamh san iomlán do mharcanna bónais é

Nótáil: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.